An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# FOIRM GEARÁN

**Gearán a bhaineann le**

**Cuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh)**

**de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015**

**Caighdeáin Ghairmiúla, An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara, W23 V7XO**

**Teileafón +353 16517900**

**R-phost professionalstandards@teachingcouncil.ie**
**www.teachingcouncil.ie**

# Eolas Tábhachtach

Léigh Leabhrán Eolais na Comhairle Múinteoireachta dar teideal "Conas gearán a dhéanamh faoi mhúinteoir cláraithe" sula ndéanann tú an fhoirm seo a chomhlánú, le do thoil. Cuideoidh an leabhrán eolais seo le míniú a thabhairt maidir le próiseas na ngearán, an cineál gearán ar féidir agus nach féidir breithniú a dhéanamh orthu agus cad is féidir tarlú le do ghearán. Tá sé ríthábhachtach go léann tú an leabhrán sula gcomhlánaíonn tú agus sula gcuireann tú an fhoirm gearán seo isteach. Tá an leabhrán ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta- www.teachingcouncil.ie

Ní féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta ach féachaint ar ghearáin faoi mhúinteoirí cláraithe. Is féidir le baill den phobal agus múinteoirí seiceáil a dhéanamh an bhfuil múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta trí úsáid a bhaint as an áis Cuardaigh an Clár anseo.

Bhí an dáta um thosach feidhme Chuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015 ar an 25 Iúil 2016. De ghnáth ní féidir linn féachaint ar ghearáin ach amháin más rud é gur tharla na heachtraí a ndearnadh gearán fúthu ar an nó i ndiaidh an 25 Iúil 2016. Ó thaobh gearán **a bhaineann le mí-iompar agus áit ar tharla na heachtraí roimh an 25 Iúil 2016**, ní féidir leis an gCoiste Imscrúdaithe cinneadh a dhéanamh leanúint ar aghaidh agus féachaint ar an ngearán agus an gearán a fhiosrú ach amháin **i gcásanna eisceachtúla.** Níl an Coiste i dteideal leanúint ar aghaidh ach amháin áit a gcreideann sé:

a. Gurbh ionann an t-iompar a ndearnadh gearán faoi, agus iompar, má cruthaíodh é, a bheadh mar chion coiriúil, nuair a tharla sé ag an am,

**agus**

b. Go bhfuil an t-iompar mar an cineál iompair go bhféadfadh ábhar imní bona fide a bheith ann go réasúnta go bhféadfaí dúshaothrú nó mí-úsáid a dhéanamh ar leanbh nó duine soghonta a bheadh fisiceach, gnéasach nó mothúchánach.

Má tá gearán le bheith curtha ar aghaidh ónár gCoiste Imscrúdaithe chuig ár gCoiste Araíonachta ní mór don ghearán a bheith tromchúiseach.

De ghnáth, ní mór duit do ghearán a dhéanamh ar dtús le scoil an mhúinteora sula mbreathnaíonn tú ar ghearán a dhéanamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Sa chuid is mó de chásanna, ní féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta féachaint ar ghearán go dtí go mbaintear triail as (nó go dtugtar chun críche) nósanna imeachta araíonachta na scoile (arna mbunú faoi alt 24 den Acht Oideachais 1998), ach amháin má bhíonn cúiseanna maithe agus leordhóthanacha ann. Na cúiseanna maithe agus leordhóthanacha a d'fhéadfadh a bheith san áireamh ná áit a bhfuil leanaí nó daoine fásta soghonta i mbaol díobhála, nó áit a bhféadfaidís a bheith i mbaol díobhála.

Faoi láthair níl aon nósanna imeachta casaoide (araíonachta) leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna faoi alt 28 den Acht Oideachais 1998. Ach, má agus nuair a bhunaítear nósanna imeachta d'alt 28, ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta in ann féachaint ar ghearán go dtí go mbaintear triail as (nó go dtugtar chun críche) na nósanna imeachta sin ach amháin má bhíonn cúiseanna maithe agus leordhóthanacha ann.

Má tá gearán á dhéanamh agat faoi níos mó ná múinteoir amháin, comhlánaigh foirm gearán **ar leith** do gach múinteoir, le do thoil.

B'fhearr linn go ndéanfá **an fhoirm gearán a íoslódáil ónár suíomh gréasáin**, na sonraí a chlóscríobh isteach san fhoirm gearán agus ansin í a phriontáil, a shíniú agus a chur sa phost chugainn. Mura bhfuil sé seo indéanta agus má tá an fhoirm gearán á comhlánú agat de láimh, scríobh chomh néata agus chomh soiléir agus is féidir leat, le do thoil. Ná déan dearmad aon doiciméid eile ar mian leat a chur isteach leis an bhfoirm gearán a chur faoi iamh.

Cuir an fhoirm gearán shínithe sa phost chuig: Caighdeáin Ghairmiúla, An Chomhairle Mhúinteoireachta,
Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0.

## 1. Do Chuid Sonraí

| | |
|---|---|
| Teideal: | |
| D'ainm iomlán: | |
| Seoladh Líne 1: | |
| Seoladh Líne 2: | |
| Seoladh Líne 3: | |
| Seoladh Líne 4: | |
| Seoladh Líne 5: | |
| Éirchód (más eol duit é) | |
| Do dháta breithe: | |
| D'uimhir theileafóin i rith an lae: (cuir isteach cód an cheantair) | |
| D'uimhir fón póca: | |
| Do sheoladh r-phoist: | |
| Gaol (más ann dó) leis an leanbh nó leis na leanaí atá mar ábhar an ghearáin | |

## 2. Sonrai an mhúinteora chláraithe faoina bhfuil tú ag déanamh gearáin

Cuir ar fáil ainm iomlán an mhúinteora chláraithe faoina bhfuil tú ag déanamh gearáin, le do thoil, in éineacht le hainm agus seoladh na scoile ina bhfuil an múinteoir ag obair (más eol duit é). Má tharla an eachtra in áit eile, abair cén áit ar tharla sé, le do thoil.

**Tá uimhir chlárúcháin ag gach múinteoir cláraithe. Bheadh sé úsáideach dá bhféadfá an uimhir seo a chur san fhoirm.** Is féidir leat dul chuig **cuardaigh an clár** le huimhir chlárúcháin an mhúinteora a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta **www.teachingcouncil.ie.**

**Ná déan dearmach - má tá gearán á dhéanamh agat faoi níos mó ná múinteoir amháin, ní mór duit foirm gearán ar leith a chomhlánú do gach múinteoir.**

### Sonraí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Ainm Iomlán an Mhúinteora: | |
| Uimhir chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta (más eol duit í): | |
| Ainm na scoile ina bhfuil an múinteoir ag obair (más eol duit é): | |
| Seoladh na scoile ina bhfuil an múinteoir ag obair (más eol duit é): | |
| Sonraí den láthair inar tharla an eachtra/ na heachtraí a bhfuil tú ag gearán fúithi/ fúthu: | |

## 3. An scoil agus nósanna imeachta áitiúla

De ghnáth, ní mór duit do ghearán a dhéanamh ar dtús le scoil an mhúinteora sula mbreathnaíonn tú ar ghearán a dhéanamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

An ndearna tú gearán faoi seo chuig an scoil atá i gceist?

◯ Rinne
◯ Ní dhearna

**Má Rinne, lean ar aghaidh, le do thoil, agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

Cathain a rinne tú do ghearán chuig an scoil? Tabhair an dáta cruinn, más féidir

| |
|---|
| |

An ndearna tú do ghearán i scríbhinn?

◯ Rinne (Má rinne, cuir cóip de do ghearán ar fáil, le do thoil, má tá sí ar fáil)
◯ Ní dhearna

**Cad é ainm an duine ar sheol tú do ghearán chuige/ chuici?**
Mar shampla, ainm an mhúinteora, an Phríomhoide, nó Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar chuir tú do ghearán chuige/ chuici

| |
|---|
| |

**Cuir sonraí ar fáil, le do thoil, ar conas a dhéileáil an scoil le do ghearán agus cuir cóipeanna de gach comhfhreagras ar fáil ón scoil, an comhfhreagras ón mBord Bainistíochta san áireamh, i dtaca le fiosrú do ghearáin**
Mura bhfuil gearán déanta agat chuig an scoil i dtaca leis an ábhar seo, sonraigh na cúiseanna nach ndearna tú é sin, le do thoil

| |
|---|
| |

## 4. Sonraí do ghearáin

Ionas go mbeimid in ann do ghearán i gcoinne an mhúinteora chláraithe a thuiscint, déan cur síos ar do ghearán go hiomlán, le do thoil, ag baint úsáide as na boscaí thíos.

Déan cur síos go cruinn

- Ar cad a tharla (déan cur síos go sonrach ar cad a rinne an múinteoir)
- Ar cá háit ar tharla an eachtra/ na heachtraí agus
- Ar cathain a tharla an eachtra/ na heachtraí (cuir isteach dátaí beachta más féidir).
- Déan cur síos go díreach, le do thoil, ar cad a mhaíonn tú a tharla

Mura mbíonn dóthain spáis agat, lean ar aghaidh ar leathanach/ leathanaigh ar leith.

☐ Cuir tic anseo, le do thoil, má tá leathanach/ leathanaigh ar leith curtha san áireamh agat leis seo

**Cad** a tharla

**Cá háit** ar tharla an eachtra/ na heachtraí

**Cathain** a tharla an eachtra/ na heachtraí, (cuir isteach dátaí beachta más féidir)

## 5. Doiciméid

Má bhíonn aon doiciméid agat a thacódh le do ghearán, cuir isteach cóipeanna faoi iamh, le do thoil, agus liostaigh iad sa spás thíos. Má iarrtar orainn, cuirfimid ar ais aon doiciméid a chuireann tú chugainn nuair atá cóipeanna díobh déanta againn.

## 6. Finnéithe

An raibh aon duine eile a chonaic an eachtra/ na heachtraí faoina bhfuil tú ag déanamh gearáin?
*Más rud go raibh* cuir a n-ainmneacha agus sonraí teagmhála in iúl dúinn, le do thoil, agus mínigh cén bhaint a raibh ag gach duine leis.

| Ainm(neacha) | Sonraí Teagmhála (más eol duit iad) | An bhaint a bhí aige/ aici leis |
| --- | --- | --- |
| | | |

## 7. Eagraíochtaí eile

An ndearna tú gearán faoi seo chuig aon eagraíocht(aí) eile?

◯ Rinne

◯ Ní dhearna

Má rinne tú gearán faoi seo chuig aon eagraíocht(aí) eile, déan liosta anseo den eagraíocht/ de na heagraíochtaí a ndearna tú gearán chuici/ chucu.

(Mar shampla, d'fhéadfadh TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus/ no An Garda Síochána a bheith san áireamh anseo):

| Ainm na heagraíochta a ndearna tú gearán chuici | **Ainm** agus **Sonraí teagmhála** an duine lena raibh tú ag déileáil |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

Má rinne tú gearán faoi seo chuig aon eagraíocht(aí) ar bith eile, tabhair dúinn sonraí gonta maidir le cad a tharla le do ghearán, agus seol chugainn cóipeanna den chomhfhreagras ar fad a bhí idir tú féin agus an eagraíocht sin.
Mura mbíonn dóthain spáis agat, lean ar aghaidh ar leathanach/ leathanaigh ar leith.

☐ Cuir tic anseo, le do thoil, má tá leathanach/ leathanaigh ar leith curtha san áireamh agat leis seo

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil an breithniú an dhéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta ar ghearán neamhspleách ar aon eagraíocht eile. Déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta breithniú ar do ghearán ar a fhiúntais féin.

## 8. Roinn um Dhearbhú (cuir tic le gach bosca dá réir)

☐ Léigh mé an leabhrán eolais maidir le conas gearán a dhéanamh.

☐ Cuir mé m'ainm agus uimhir theagmhála theileafóin ar fáil agus shínigh mé an fhoirm gearán.

☐ Chuir mé an t-ainm iomlán agus na sonraí cuí den mhúinteoir cláraithe atá i gceist ar fáil.

☐ Rinne mé cur síos ar mo ghearána a oiread agus is féidir.

☐ Chuir mé faoi iamh aon chomhfhreagras eile faoi mo ghearán a sheol mé chuig aon eagraíocht(aí) ar bith eile, nó a fuair mé ó aon eagraíocht(aí) ar bith eile.

☐ Sheiceáil mé go bhfuil na leathanaigh uile den fhoirm seo comhlánaithe agus iniata in éineacht le haon leathanaigh bhreise.

☐ **Tuigim go seolfar cóip de m'fhoirm gearán agus aon doiciméid atá ceangailte leis an bhfoirm, in éineacht le haon eolas breise a chuirim isteach le linn phróiseas an ghearáin chuig an múinteoir faoina bhfuilim ag déanamh gearáin.**

☐ Tuigim go mb'fhéidir go mbeidh ar an gComhairle Mhúinteoireachta eolas maidir le mo ghearán a chur ar aghaidh chuig comhlachtaí lena n-áirítear Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), An Garda Síochána agus/nó an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, i gcomhréir le hoibleagáidí na Comhairle Múinteoireachta i dtaca le cosaint leanaí agus daoine soghonta.

☐ Tuigim go mb'fhéidir go mbeidh orm fianaise a thabhairt maidir le mo ghearán má bhíonn éisteach ar siúl os comhair phainéal an Choiste Araíonachta.

☐ Deimhním, chomh fada agus is eol dom agus a chreidim, go bhfuil an t-eolas ar fad atá curtha isteach agam iomlán agus cruinn.

**Ainm (ceannlitreacha):**

| |
|---|
| |

**Síniú:** ______________________________________
(**Priontáil an fhoirm** le do thoil agus **sínigh** anseo le peann gorm nó dubh)

**Dáta:**

| |
|---|
| |

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe agus aon doiciméid tacaíochta a chur sa phost chuig:

Rannóg na gCaighdeán Gairmiúla
An Chomhairle Mhúinteoireachta
Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co Chill Dara, W23 Y7X0

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le próiseas na ngearán atá againn tabhair cuairt le do thoil ar an gcuid faoi Fheidhmiúlacht chun Múineadh ar ár suíomh gréasáin www.teachingcouncil.ie

Priontáil an Fhoirm